



Cuntas Leithreasa 2012

Vóta 28

Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, réitigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais i gcabhair agus ranníocaíochtaí chuig Eagraíochtaí Idirnáisiúnta a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012 lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí iasachta go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús na míosa.

Fabhrúithe, Réamhíocaíochtaí, Tiomantais agus Stoic ag Misin Thaidhleoireachta

Ní áirítear sna figiúirí maidir le fabhrúithe, réamhíocaíochtaí agus tiomantais aon suimeanna maidir le misin thaidhleoireachta na Roinne seachas iad siúd a bhaineann le réadmhaoin ar cíos. Ní áirítear luach stoc arna shealbhú ag misin ag deireadh na bliana ach oiread.

Ceangaltais

Ní áirítear sna ceangaltais ach amháin na suimeanna sin a bheidh dlite ón Roinn sna dhá mhí dhéag ina dhiaidh sin.

Sócmhainní caipitil

Tá luach na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luacháil a cuireadh i gcrích in 2005 seachas

- talamh agus foirgnimh a fuarthas ó bhí 2005 a dtugtar a luach ar a gcostas
- trí áitreabh ambasáide a chuirtear san áireamh ar bhonn luachála gairmiúla a cuireadh i gcrích in 2011.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Clár Sócmhainní Caipitil

Tá an Roinn tar éis a bheith ag obair ar thionscadal lena clár sócmhainní caipitil a nuashonrú. Táthar ag coinne leis go ndéanfar roinnt sócmhainní lándímheasta atá as feidhm a dhíscríobh ón gclár nuair a bheidh an tionscadal tugtha chun críche.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an feidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

David Cooney

Oifigeach Cuntasáíochta

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádala

25 Márta 2013

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

Freagracht an Oifigigh Chuntasáochta

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státhiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasáochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasáochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

Freagracht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

Scóip an iniúchta

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasáochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

Tuairim faoin gcuntas leithghabhála

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádala. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

Vóta Cuntasaíochta

Pléann Caibidil 4 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 le bainistiú an chaiteachais vótáilte ag roinnt rann agus oifigí. Áirítear mar chuid de sin alt maidir le bainistiú Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Lúnasa 2013

Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Cuntas Leithreasa 2012

	Suim Soláthraithe sa Mheastachán		2012	2011
	€000	€000	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A	Leas eacnamaíoch agus trádála na hÉireann a chur chun cinn san Eoraip agus go hidirnáisiúnta			
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	60,171		
	<i>Tabhairt suas a iarchur</i>	370	60,541	48,256
B	Seirbhísí consalachta, pas agus d'Éireannaigh thar lear		67,799	68,905
C	Athmhuintearas agus comhoibriú ar an oileán seo		16,519	17,110
D	Cearta daonna, slándáil agus síocháin idirnáisiúnta		73,184	74,861
Ollchaiteachas				
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	225,831		
	<i>Tabhairt suas a iarchur</i>	370	226,201	209,132
<i>Bain as</i>				
E	Leithreasáí-i-gCabhair		47,734	44,380
Glanchaiteachas				
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	181,783		
	<i>Tabhairt suas a iarchur</i>	370	182,153	164,752

Farasbarr don ghéilliúint

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

	2012	2011
	€	€
Farasbarr don bhliain	21,745,763	7,754,196
Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas	400,000	370,000
Farasbarr le tabhairt suas	21,345,763	7,384,196

Anailís an chaiteachais riaracháin

		2012		2011
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán		Toradh ¹
		€000	€000	€000
		Toradh		
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	79,620	77,445	81,161
ii	Taisteal agus cothú	5,930	4,492	4,166
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	4,488	3,944	3,725
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	7,208	6,275	6,547
v	Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara	14,986	17,917	14,901
vi	Costais áitreabh oifige			
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	25,716		
	<i>Tabhairt suas a iarchur</i>	370	26,086	22,002
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	100	8	28
viii	Speanais chóiríochta agus ionadaíochta coigríche	10,305	10,490	10,846
ix	Uachtaránacht an AE	8,850	2,418	—
x	Cathaoirleacht ar an Eagraíocht um Slándáil agus Comhoibriú san Eoraip	6,000	3,174	418
		163,573	148,037	143,794

¹ Mar gheall ar fhormáid athbhreithnithe an Chuntais Leithghabhála faoi mar a éilítear faoi Chiorclán 14/2012, rinneadh athanailisiú ar chaiteachas riaracháin 2011 de réir na formáide nua do chuspóirí cur i láthair agus comhsheasmhachta.

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

	2012	2011
	€000	€000
Caiteachas cláir	60,104	65,338
Pá	77,445	81,161
Neamhphá	70,592	62,633
Olliomlán	208,141	209,132
<i>Bain as</i>		
Leithreasa-i-gcabhair	47,734	44,380
Glan-chaiteachas	160,407	164,752
Athruithe i Sócmhainní Caipitil		
Ceannacháin in Airgead Tirim	(1,215)	
Diúscairtí in Airgead Tirim	60	
Cailiteanas ar dhiúscairt	2,229	
Dímheas	4,965	
Athaicmiú sócmhainní	85	
	6,124	4,451
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha		
Glanlaghdú ar fhabhráithe agus ar réamhíocaíochtaí deiridh	1,688	
Méadú i stoc	(132)	
	1,556	(31)
Caiteachas Díreach	168,087	169,172
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	16,112	18,574
Measchíosanna	755	760
Costas glan clár	184,954	188,506

1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an méid do glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 28 a tabhaíodh in áit eile.

	2012	2011
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	135	138
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	9,791	11,920
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	5,574	5,958
Vóta 20 Garda Síochána	186	192
An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí srl.	426	366
	16,112	18,574

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Sócmhainní Caipitil	2.3	167,741	173,865
Sócmhainní Reatha			
Stoic	2.4	4,467	4,335
Réamhíocaíochtaí		15,273	17,049
Glandliteanas on Stáitchiste	2.8	2,997	(4,839)
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	14,566	12,419
Iomlán na sócmhainní reatha		37,303	28,964
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.6	13,906	4,594
Costais fhabhráithe		457	545
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.7	3,336	2,696
Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí in Éirinn chun caidrimh idirnáisiúnta a chur chun cinn (deontas-i-gcabhair)	7.2	90	90
Caidrimh Chultúrtha le Tíortha Eile (deontas-i-gcabhair)	7.3	231	200
Iomlán na ndliteanas reatha		18,020	8,125
Glansócmhainní Reatha		19,283	20,839
Glansócmhainní		187,024	194,704
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú stáit	2.1	187,024	194,704

2.1 Cuntas Maoiniú Stáit	Nóta	2012 €000	2011 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		194,704	187,671
Maoiniú tarraingthe síos	2.2	176,519	183,326
Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna	1	755	760
Sócmhainní seasta coigeartú na bliana roimhe		—	23
Athluacháil		—	11,430
Costas glan clár	1	(184,954)	(188,506)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		187,024	194,704
2.2 Maoiniú tarraingthe anuas	Nóta	2012 €000	2011 €000
Eisíocaíochtaí as an Vóta			
Suim soláthraithe sa mheastachán	Cuntas	182,153	172,506
Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas		(400)	(370)
Farasbarr le tabhairt suas	Cuntas	(21,346)	(7,384)
		160,407	164,752
Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile	1	16,112	18,574
Maoiniú iomlán tarraingthe anuas		176,519	183,326

2.3 Sócmhainní Caipitil

	Talamh agus foirgnimh €000	Mótar fheithicilí €000	Troscán agus feistis €000	Trealamh oifige €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní					
Costas nó luach ag 1 Eanáir 2012	159,592	3,173	48,398	75,238	286,401
Breiseanna	—	161	136	918	1,215
Athaicmiú sócmhainní	(85)	—	—	—	(85)
Diúscairtí	(2,289)	(270)	—	—	(2,559)
Costas nó luach ag 31 Nollaig 2012	157,218	3,064	48,534	76,156	284,972
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012	—	2,740	39,572	70,224	112,536
Dímheas don bhliain	—	275	2,302	2,388	4,965
Dímheas ar Shócmhainní Scoir					
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(270)	—	—	(270)
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2012	—	2,745	41,874	72,612	117,231
Glánsócmhainní an 31 Nollaig 2012	157,218	319	6,660	3,544	167,741
Glánsócmhainní an 31 Nollaig 2011	159,592	433	8,826	5,014	173,865

2.4 Stoic

	2012 €000	2011 €000
ag 31 Nollaig		
Leabhráin pas	4,216	4,038
Stoic prótacail	129	146
Stáiseanóireacht	48	54
Postas réamhíoctha	7	8
Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise	67	89
	4,467	4,335

2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair

	2012 €000	2011 €000
ag 31 Nollaig		
Cuntais misean agus ceanncheathrúna	8,886	7,324
Cuntais ranna agus gníomhaireachta	2,956	2,344
Cuntais óinchiste agus fionraí pearsanta	980	944
Cuntais airleacan tuarastail iasachta	169	149
Ilghnéitheach	1,575	1,658
	14,566	12,419

2.6 Banc agus Airgead Tirim	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	(13,881)	(4,581)
Orduithe íocaíochta gan íoc	(25)	(13)
	<u>(13,906)</u>	<u>(4,594)</u>

2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
Méideanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,189	1,203
Árchas Sóisialach Pá-Choibhneasta	438	449
Ranníocaíochtaí pinsin	638	298
Cáin Bhreisluacha	426	521
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	18	61
	<u>2,709</u>	<u>2,532</u>
Ilghnéitheach	627	164
	<u>3,336</u>	<u>2,696</u>

2.8 Glandliteanas (ón)/don Státchiste	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas	21,346	7,384
Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas	400	370
Deontas ón státchiste nár tarraingíodh	(24,743)	(2,915)
Glandliteanas (ón)/don Státchiste	<u>(2,997)</u>	<u>4,839</u>

Arna léiriú le:**Féichiúnaithe**

Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	14,566	12,419
-----------------------------------	--------	--------

Creidiúnaithe

Banc agus airgead trim	(13,906)	(4,594)
Dlite don Stát	(2,709)	(2,532)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(627)	(164)
Iarmhéideanna creidmheasa: cuntais deontais-i-gcabhair	(321)	(290)
	<u>(17,563)</u>	<u>(7,580)</u>
	<u>(2,997)</u>	<u>4,839</u>

2.9 Ceangaltais

Is é atá sna figiúirí ceangaltais a léirítear thíos, ná na suimeanna atá infhorfheidhmithe go dlíthiúil is atá iníoctha i 2013 agus baineann siad le híocaíochtaí réadmhaoine ar cíos thar lear, cur i gcló leabhrán pas agus tiomantais riaracháin eile.

Ag 31 Nollaig	2012	2011
	€000	€000
Déantar anailís ar an tsuim mar seo a leanas		
(i) Oifig na bPasanna agus costais riaracháin eile	884	5,693

(ii) Íocaíocht réadmhaoine ar cíos thar lear

Déantar anailís ar an tsuim d'íocaíochtaí réadmhaoine ar cíos de réir éaga léasa mar seo a leanas:

Laistigh de bhliain amháin	1,113	1,138
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	5,263	5,839
Cúig bliana agus níos mó	5,671	5,647
Tiomantais iomlána	12,931	18,317

Ní chuireann ceangaltais réadmhaoine ar cíos san áireamh réamhíocaíochtaí a rinneadh faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa réadmhaoine. Ba í suim iomlán na gcíosanna réamhíochta ná €2.65m (2011: €2.87m).

3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

		2012		2011
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán		Toradh
		€000	€000	€000
A	Leas eacnamaíoch agus trádála na hÉireann a chur chun cinn san Eoraip agus go hidirnáisiúnta			
A.1	Riarachán - pá		25,721	22,786
A.2	Riarachán – neamhphá			23,256
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	28,219		
	<i>Tabhairt suas a iarchur</i>	370	28,589	19,077
A.3	Seirbhísí Eolais		502	424
A.4	Caidrimh chultúrtha le tíortha eile (deontas i gcabhair)		846	846
A.5	Bord Comhairleach Eacnamaíoch Éire-Meiriceá		28	13
A.6	Tionscadal Shlí an Atlantaigh		175	250
A.7	An ciste um thionscnamh trádála		400	320
A.8	Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta		4,280	4,070
			60,541	48,256

Míniú ar athruithe suntasacha

I gcoitinne, bhí an caiteachas maidir le Clár A €9,902,000 níos lú ná a soláthraíodh. Tharla sin, go príomha, de bharr an méid seo a leanas:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
Seirbhísí Eolais	261	Rinneadh foráil €241k chun tacú le hathfhorbairt láithreán gréasáin DFAT atá á mhaoiniú freisin le Vóta 27 (Comhoibriú Idirnáisiúnta). In 2012, bhain formhór fhorbairt an láithreáin ghréasáin le Cúnamh Éireann agus mar gheall air sin is faoi Vóta 27 a seasadh formhór na gcostas go dtí seo. Ní raibh maoiniú Vóta 28 de dhíth in 2012 ach beidh in 2013 de réir mar a thiocfaidh forbairt ar an togra.
Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta	345	Íocaíochtaí bliantúla éigeantacha chuig an OECD agus WTO ab ea iad seo. Tá an sonrasc faoi réir athruithe ar an ráta malartaithe i gcás an WTO. Maidir leis an OECD, ní bheidh fios go díreach go dtí lár na bliana seo chugainn cad é an suim dheiridh den ranníocaíocht bhliantúil leo agus is é an figiúr buiséadaithe an meastachán is fearr de sin bunaithe ar shuimeanna a hiocadh an bhliain roimhe sin. Ní féidir an caiteachas iarmhír a chinneadh go mbeidh na sonraisc sin faighte.
Uachtaránacht an AE	6,432	Rinneadh leithdháiltí do 2012 nuair a bhí an phleanáil d'Uachtaránacht AE na hÉireann fós ag luathchéim. Le linn 2012, tapaíodh deiseanna le caiteachas a laghdú nó a sheachaint. Ina theannta sin ghin próiseas cuimsitheach agus iomaíoch soláthair caiteachas laghdaithe i dtaca le raon leathan réimsí caiteachais.

		2012		2011
		Suim	Toradh	Toradh
		Soláthraithe		
		sa		
		Mheastachán		
		€000	€000	€000
B	Seirbhísí consalachta, pas agus d'Éireannaigh thar lear			
B.1	Riarachán - pá	32,570	31,345	33,509
B.2	Riarachán - neamhphá	25,249	24,858	23,792
B.3	Aisdúichiú agus cothabháil na nÉireannach atá i dtrioblóid thar lear	79	10	36
B.4	Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach	11,595	11,586	11,568
		69,493	67,799	68,905

Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 25% amach ón tsuim a soláthraíodh. Níor chomhlíon aon toradh ar an vóta seo na critéir seo I 2012.

		2012		2011
		Suim	Toradh	Toradh
		Soláthraithe		
		sa		
		Mheastachán		
		€000	€000	€000
C	Athmhuintearas agus comhoibriú ar an oileán seo			
C.1	Riarachán - pá	8,027	7,648	8,195
C.2	Riarachán - neamhphá eile	7,097	6,024	5,767
C.3	Comhoibriú Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach	2,700	2,697	2,998
C.4	Ciste Idirnáisiúnta d'Éire	195	150	150
		18,019	16,519	17,110

Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 25% amach ón tsuim a soláthraíodh. Níor chomhlíon aon toradh ar an vóta seo na critéir seo I 2012.

		2012		2011
		Suim	Toradh	Toradh
		Soláthraithe sa Mheastachán		
		€000	€000	€000
D	Ceartha Daonna, Slándáil agus Síocháin Idirnáisiúnta,			
D.1	Riarachán - pá	16,652	15,666	16,200
D.2	Riarachán - neamhphá	19,668	17,360	13,997
D.3	Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta	41,410	39,931	44,438
D.4	Gníomhartha mar thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh	418	227	226
		<u>78,148</u>	<u>73,184</u>	<u>74,861</u>

Míniú ar athruithe suntasacha

I gcoitinne, bhí an caiteachas maidir le Clár D €1,670,000 níos lú ná a soláthraíodh. Tharla sin, go príomha, de bharr an méid seo a leanas:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta	1,479	I 2012 buiséadaíodh an clár do €41m. Cuimsíonn, áfach, an toradh de €40m suim bhreise de €9m le cois leithdháiltí 2012 íoctha don bhuiséad rialta NA/LIRNA do 2013. Cé go bhfuil a lán íocaíochtaí NA éigeantach le % réamhaontaithe, bíonn síochánaíocht na NA éileamhláraithe, cuid mhór, le timthriall buiséad trí bliana. Is féidir leis an neamhchinnteacht a bhaineann le rátaí malartaithe ag am na n-íocaíochtaí cur isteach go mór ar éagsúlacht an chláir freisin.
Gníomhartha mar thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh	191	Áirítear ranníocaíochtaí éigeantacha faoin CSDP i gcaiteachas faoin bhfotheideal seo chomh maith le ceanglais maoinithe lánroghnacha le tacú le cuspóirí CFSP na hÉireann. Bíonn ceanglais maoinithe lánroghnacha deacair le tuar agus d'fhéadfadh luaineacht ó bhliain go bliain a bheith ag baint leis na suimeanna a bheadh de dhíth le dul i ngleic le riachtanas ar leith. In 2012 bhí an caiteachas níos lú ag deireadh na bliana.
Cathaoirleacht ar an Eagraíocht um Slándáil agus Comhoibriú san Eoraip	2,826	I 2012 bhí Cathaoirleacht ENASCE ag Éirinn den chéad uair. Bhí na bunchostais a measadh bunaithe ar chathaoirleachtaí eile roimhe seo, go háirithe ar eiseamláir chathaoirleacht na Fionlainne i 2008. Le linn na bliana rinneadh móiriarracht costais a choimeád chomh híseal agus ab fhéidir, ag déanamh coigiltis nuair ab fhéidir sin a dhéanamh agus ag baint leasa as deiseanna urraíochta, rud a ghin coigilteas suntasach, go háirithe i dtaca le cruinniú airí ENASCE, an cruinniú airí is mó a tionóladh riamh in Éirinn.

4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair	2012		2011
	Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1. Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile	38,770	43,011	39,166
2. Aisíocaíocht ar airleacain aisdúichithe agus cothabhála	30	11	6
3. Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta	1,000	837	907
4. Ilghnéitheach	500	330	506
5. Fáltais as asbhaint i leith pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí	3,748	3,545	3,795
Iomlán	44,048	47,734	44,380

Míniú ar athruithe suntasacha

An explanation is provided below in the case of each heading where the outturn varied from the amount estimated by more than €100,000, and by more than 5%.

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná mar a measadh €000	Míniú
Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile	4,241	I 2012 eisíodh an líon is mó riamh de phasanna, 631,947, sin méadú de 5.4% le hais 2011. Bhain an méadú ba mhó (8%) le pasanna na leanaí. Bhí an méadú i dtáillí Pas mar gheall ar scor na bpasanna saor in aisce do dhaoine thar 65 bliain agus muirir eile in Aibreán 2011. Bhí toradh tháillí na bpasanna níos mó ná an méid measta do na míonna Eanáir go Lúnasa agus arís i Mí Dheireadh Fómhair.
Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta	163	Bíonn sé deacair leibhéal na n-aisíocaíochtaí CBL i ndáil le misin thaidhleoireachta a thuar.
Ilghnéitheach	170	Ní raibh ioncam ilghnéitheach ag leibhéal na mblianta a chuaigh roimhe ar baineadh úsáid astu mar bhonn fhorálacha 2012.
Fáltais as asbhaint i leith pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí	203	Bhí forálacha measta 2012 asbhaintí a bhain le pinsin bunaithe ar leibhéal 2011 ach níor glacadh san áireamh líon na luathscor in 2012.

4.2 Fáltais Stáitchiste Bhreise

	2012 €000	2011 €000
Fáltais ó dhíolachán maoinne	2,134	—

5 Líon na bhFostaithe agus Pá

	2012	2011
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimseartha) ag deireadh na bliana	1,260	1,255
	2012	2011
	€000	€000
Pá	70,510	73,482
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	258	272
Liúntais eile	308	384
Ragobair	986	1,534
ÁSPC an Fhostóra	3,088	3,046
Leas sóisialta/árachas sláinte eachtrach (misin)	2,295	2,443
Pá iomlán	77,445	81,161

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht Aonair	Uasíocaíocht Aonair
			2012	2011
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	54	9	20,613	14,894
Liúntais eile	185	—	8,077	13,835
Ragobair	357	26	35,732	40,760

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin.

5.2 Socruithe eile maidir le Luach Saothair

Íocadh íocaíochtaí arb ionann €154,192 (2011: €142,968) san iomlán iad le ceathrar státseirbhíseach (2011: ceithre) a bhí ar scor agus ar fostaíodh iad chun saintascanna a dhéanamh.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arb ionann €406,291 (2011: €39,080) san iomlán iad le haon bhall foirne is fiche (2011: 10) a bhí fostaithe go háitiúil ag ambasáidí thar lear.

6 Ilghnéitheach

6.1 Costais Dí agus Cúiteamh

Rinneadh íocaíochtaí arb ionann €50,303 (2011: €56,848) san iomlán iad maidir le costais agus táillí dlí a tabhaidh ar raon leathan ábhar a d'eascair sa cheanncheathrú agus ag misin thar lear, lena áiríodh saincheisteanna maidir le fostaíocht /caidreamh tionscail agus éilimh dhíobhála pearsanta. Íocadh €120,582 (2011: €168,937) san iomlán i gcostais socraithe a d'eascair as sé n-éileamh dlí (2011: seacht éilimh).

7 Cuntais Ilghnéitheacha

7.1 Airleacain Aisdúichithe

Cuntas fáltas agus íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig

		2012	2011
		€000	€000
	larmhéid neamhghlanta ag 1 Eanáir	33	27
Móide	Airleacain/caiteachas (fotheideal B.3)	10	36
		<u>43</u>	<u>63</u>
Lúide	Méideanna a díscríobhadh	—	(24)
	Méideanna a Aisghabhadh (leithreasáí-i-gcabhair)	(11)	(6)
	larmhéid neamhghlanta ag 31 Nollaig	<u>32</u>	<u>33</u>

7.2 Ranniocaíochtaí le Comhlachtaí in Éirinn chun Caidrimh Idirnáisiúnta a Bhisiú (Deontas-i-gCabhair)

		2012	2011
		€000	€000
	larmhéid ag 1 Eanáir	90	90
	Deontas i gCabhair	—	100
		<u>90</u>	<u>190</u>
	Caiteachas	—	(100)
	larmhéid ag 31 Nollaig	<u>90</u>	<u>90</u>

7.3 Caidrimh Chultúrtha le Tíortha Eile (Deontas-i-gCabhair)

Cuntas fáltas agus íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig

		2012	2011
		€000	€000
	larmhéid ag 1 Eanáir	200	119
	Deontas i gCabhair (Fotheideal A.4)	846	846
		<u>1,046</u>	<u>965</u>
	Caiteachas	(815)	(765)
	larmhéid ag 31 Nollaig	<u>231</u>	<u>200</u>